AMÁRAĊ

3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtan seaċtainiúil na Gaeltaċta.
Abar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

Iml. 10. Uiṁ. 13. Aoine, 26ú Márta, 1965.

EAGARFOCAL. 26-3-1965.

Ceist Don Ġaeltaċt

TÁ UAIR NA COIṀLINTE ANN. Tá báire na cainte againn. Agus ní fada go mbeiḋ báire na bótaíoċta ar siúl. Tá an polasaí seo, agus an polasaí siúd, agus an duine seo agus an duine siúd, ḋá gcur féin os comair an ṗobail agus ag iarraiḋ bótaí. Tá an páipéar seo ag labairt ṫar ċeann pobal na Gaeltaċta agus is dóiċe go mbeifí ag fanaċt linn treoir a ṫabairt do ṗobal na Gaeltaċta fán bótaíoċt.

Ní h-aon scéal rúin é, go bfuil beartaíoċt agus ullmúċáin ar siúl ag Muintir na Gaeltaċta le ḋá ṁí anuas, ó foilsíoḋ an Páipéar Bán, agus go bfuil sé i gceist acu feaċtas poiblí a ċur ar siúl gan ṁoill. An lá céanna a ṫáinig an Páipéar Bán amaċ, d'ḟoilsiġ Muintir na Gaeltaċta ráiteas naċ raiḃ aon réiteaċ ann do ḟaḃb na Gaeltaċta, agus naċ raiḃ ionann don Ġaeltaċt aċ an bás, muna raiḃ níos fearr le tairiscint ná na h-argóintí amáideaċa a bí insan Ṗáipéar Bán. Níor ligeaḋ an scéal le faillí ina ḋiaiḋ sin, aċ bí ullṁúċán le déanaṁ ar fud na nGaeltaċtaí le cás na Gaeltaċta a ċur os comair an ṗobail. Tá na hullṁúċáin sin déanta, agus beart ceapṫa ċuige. Aċ, tá ceist anois ann — an ceart ceist na Gaeltaċta a ċaiṫeaṁ mar baire buailte idir na páirtíṫe poiliticiúla?

Is ceist í sin gur fiú maċnaṁ go cúramaċ uirṫí. Is beag tionċar atá ag an beagán cainteoirí dúċais atá scaipṫe fríd cúig nó sé Dáil Ċeantair. Tá tromlaċ na Gaeltaċta i ndá Ḋáil-Ċeantar. Tá an dá Ḋáilċeantar sin roinnte go measarṫa coṫrom ó ṫaoḃ tacaíoċta de, idir Fianna Fáil agus Fine Gael—an tromlaċ an ċuid is mó den am ag Fianna Fáil. An mbeaḋ sé ciallṁar ag pobal na Gaeltaċta, agus go h-áiṫrid ag Muintir na Gaeltaċta mar eagras, feaċtas polaitíoċta a bunú ag an am seo, nó ceist polaitíoċta a ḋéanaṁ de sábáil na Gaeltaċta? Fiú, dá n-éireoḋ leo aṫrú a ḋéanaṁ insan dá Ḋáil-ċeantar seo, ní mór an seans go mbeaḋ tionċar láidir aige ar toġaḋ Rialtais amaċ anseo. Mar sin de, fé mar adúraḋ insan Ṗáipéar seo roiṁe, ní h-aon tairbe do ṗobal na Gaeltaċta dul isteaċ ar cúrsaí polaitíoċta, ó ṫaoḃ polasaí na bpáirtiṫe móra de. Is mó is gá do Ṁuintir na Gaeltaċta seo a ḋéanaṁ os rud é go bfuil tromlaċ mór ḃótóirí óga na Gaeltaċta naċ mbeiḋ inann bóta a ċaiṫeaṁ ċor ar biṫ, ós rud é gur taoḃ ṫall den uisce atá siad.

MAR SIN DE, IS FEARR DO ṀUINTIR NA GAELTAĊTA, mar eagras, an scéal a ḟágáil le socrú san gnáċ slí ag pobal na tíre de réir a ndílseaċtaí poiliticiúla féin, agus gan ceist politíoċta a ḋéanaṁ ina ċeist scarṫa idir daoine atá dílis do Ṁuintir na Gaeltaċta. Cead ag gaċ ball do Ṁuintir na Gaeltaċta a gcuid bótaí a ċaiṫeaṁ de réir mar is mian leo féin, aċ a dtionċar a ċur i bfeiḋm oiread agus a ṫig leo, ar iarratasóirí ⁊ ar Teaċtaí Dála ċun geallúint a ḃaint asta más féidir, go seasóiḋ siad fá ċoinne réiteaċ éigin do crua-ċás na Gaeltaċta. Sin é an rud a ṁeasaimíd ab ḟearr do ṁuintir na Gaeltaċta a ḋéanaṁ. Ligint dá mballaiḃ bótáil de réir mar is mian leo, aċ gan aon seasaṁ díreaċ do ġlacaḋ i gcúrsaí poiliticíoċta ar ċor ar biṫ.

NUAIR A ḂÉAS AN TOĠĊÁN ṪART, agus Rialtas nua tófa, ba ċóir go mbeaḋ a gcuid ullṁúċáin déanta ag Muintir na Gaeltaċta, agus ba ċeart díoḃa cás na Gaeltaċta a ċur go láidir, go tréan agus go fírinneaċ, ós comair an Rialtais, ós comair Dáil agus Seanad Éireann, agus os comair pobal na tíre.

SAN ḂÁIRE DEIREANNAĊ, níl aicme ar biṫ den ṗobal a ḃeaḋ sásta ar ċor ar biṫ, go ligfí don Ġaeltaċt, don dlúṫaonaḋ cainteoirí dúċais deireannaċ atá fágṫa sa tír, mar ceangal lenár dtraidisiún agus cultúr, imeaċt as agus bás a ḟáil. Níl páirtí poiliticiúil ar biṫ, agus níl Rialtas ar biṫ a ḃeaḋ inann seasaṁ ina ċoinniḃ sin dá gcuirtí os comair an ṗobail go fírinneaċ, mar atá an scéal. Sé cúram Ṁuintir na Gaeltaċta go h-áiṫrid, agus gaċ duine do ṗobal na Gaeltaċta ⁊ na daoine atá ag tacaíoċt leis an Ġaeltaċt, a beiṫ réiḋ agus ullaṁ le mór ṗoiblíoċt a ṫabairt do ċás na Gaeltaċta ní hé mar ċeist polaitíoċta aċ mar ċeist náisiúnta, mar ċeist do Náisiún na hÉireann, agus do gaċ uile ḋuine atá na Ṡaoránaċ den tír, agus a ċinntiú go mbeiḋ ḟios ag an pobal ar fad go bfuil an Ġaeltaċt i mbéalaiḃ báis, ⁊ naċ bfuil an méid atá san Ṗáipéar Bán maiṫ go leor leis an bás sin a ṁoilliú fiú cúpla bliain.

MÁ CUIRTEAR É SIN LÁIDIR GO LEOR, os comair pobal na tíre, ḃéarfar ar Rialtas ar biṫ gníoṁ a ḋéanaṁ. Ba ċeart a beiṫ réiḋ anois leis an beart sin a ḋéanaṁ an ṁí seo ċugainn. Aċ, idir amanna, ná déantar ceist polaitíoċta de scéal na Gaeltaċta ċor ar biṫ.

Ḃfuiltear ag Sleaṁnú ar Ṡiúl ón Ġaeilge?

Teaċtaí ag Cáineaḋ Béarla an Aire Oideaċais

AN RAIḂ SLEAṀNÚ AR ṠIÚL Ó ṖOLASAÍ AṪBEOĊÁNA AN RIALTAIS SIN CEIST A BÍ DÁ ḞIAFRAÍ GO MINIC I HALLAÍ DÁIL ÉIREANN ROIṀ SCUR NA DÁLA.

Deirtear go bfuil coṁarṫaí ann go tiuḃ gurḃ aṁlaiḋ atá. An tseaċtain roiṁe, ṫug an tAire Oideaċais isteaċ meastaċán forlíonta i mBéarla ar fad, cé go smaoiníotar i gcónaí gur tré Ġaeilge a bíos obair Roinn an Oideaċais.

An lá céanna, ṫug an tUasal Mac Parṫaláin, Aire Cosanta, isteaċ meastaċán na bliana seo ċugainn dá Roinn. agus colún aṁáin Gaeilge agus 12 colúin Béarla ann. Cé go raiḃ sé ina nós le fada gur i nGaeilge a ṗléití meastaċán Roinn Cosanta. Bí an scéal ċoṁ h-olc, go raiḃ Teaċtaí den Freasúra, mar Seán Ó Duinn, agus Pádraic Ó Doṁnaill, ag cur ceisteanna faoi.

Bí an tAire Oideaċais ag iarraiḋ suim forlíonta £210,330 do Oifig an Aire agus Institiúidí Eolaíoċta agus Ealaín agus deontaisí i gcabair.

Dúirt sé go mbeaḋ cuid den breis seo ag dul fá ċoinne fiaċa a ġlanaḋ ar INNIU, a d'éiriġ ar cosaisí breise tuarastail agus costaisí postais agus guṫán.

Tá tuilleaḋ den airgead le tabairt do Ċoṁḋáil Náisiúnta na Gaeilge, fá ċoinne tuarastáil ⁊ costaisí oifige. Tá an tAire ag tabairt £5,000 do Ṁuintir na Tíre, mar deontas i gcabair, £800 don Dublin Institute of Catholic Sociology agus breis airgid don Royal Irish Academy, do Educational Tours (£1,500 breise).

Coláistí Gaeilge

Ag cur síos ar na Coláistí Gaeilge dúirt sé gur ṁéadaiġ an uimir scolairí a bí ag dul ar na Coláistí seo idir Gaeltaċt agus Galltaċt, ná 8,726 in 1962-62, 10,700 i 1963-64. Ní raiḃ aċ 20 coláistí ann in 1959, aċ bí 35 coláistí anuraiḋ. As Béarla a labair an tAire agus a ṁíniġ sé na breiseanna seo ar fad, agus seo ṫíos mar ċur sé síos ar an breis do INNIU agus do Ċoṁḋáil Náisiúnta na Gaeilge.

San Ġaeilge

Nuair a ċríoċnaiġ an tAire a ċuid cainte, arsa Seán Ó Duinn, as Gaeilge, "naċ bfuil focal Gaeilge le cloisint?

Pádraic Ó Doṁnaill — Geoḃaiḋ muid sin ón saoṫarlann ag Rinn Ṁic Gormáin níos moille.

Ag leanúint, ċeistniġ an tUasal Ó Doṁnaill, cé'n sagas Gaeilge a ḃeaḋ dá teagasc ins na Coláistí Gaeilge, arḃ í Gaeilge Ulaḋ, nó Gaeilge Ṗádraic Uí Ċonaire agus an Iarṫair, nó Gaeilge Ċiarraí mar bí ag an Seabac, nó an Ġaeilge a bí dá déanaṁ amaċ ag Stát-seirḃísí. "Ċonaic mé an tAire ar na mallaiḃ ar an telefís," arsa an tUasal Ó Doṁnaill, agus ċuala mé é ag rá naċ mbeiḋ cliaḃán na Gaeilge sa Ġaeltaċt níos mó aċ i saoṫarlann i Rinn Ṁic Gormáin.

Seán Ó Duinn — Saol breá úr.

Pádraic Ó Doṁnaill — Sin é anois cliaḃán na Gaeilge.

An Dr. Ó hIrġile—Níor dúirt mé é sin.

P. Ó Doṁnaill — Bí mé ag éisteaċt leis an Aire, agus dá ċoiméad go cúramaċ. Bí sé dóiliġ aige a guṫ a ḟáil isteaċ, nó níor ṫaitniġ sé leis an Teaċta Ó Faċtna. Tá fios ag an Teaċta Ó Faċtna cá bfuil cliaḃán na Gaeilge — i nGaoṫ Dobair,

(Ar lean. ar leat. 2)

Molaḋ a Rinneaḋ Trí Bliana ó Ṡoin

Tá sé fa Ḃreiṫniú Fós agus Cosúlaċt go mbeiḋ

AN TSEAĊTAIN SEO CAITE, ĊUIREAMAR CEIST AR OIFIG EOLAIS AN RIALTAIS, FAOI AN MOLAḊ ATÁ INSAN ṖÁIPÉAR BÁN, MAR ĠEALL AR ṖÁIPÉAR SEAĊTAINIÚIL GAELTAĊTA.

Ṁol an Coimisiún gur bun-riaċtanas é go mbeaḋ páipéar seaċtainiúil ar fáil don Ġaeltaċt agus go solaṫróḋ an Rialtas an t-airgead substainteaċ atá ag teastáil lena leiṫéid a ḃunú, agus a ċoiméad ar siúl.

Ġlac an Rialtas i bprionsabail leis an ṁolaḋ sin.

Ċuireamar ceist ar an Oifig eolais cad a bí déanta ó ṡin, faoi an ṁolaḋ agus cad a bí ar intinn a ḋéanaṁ, agus taréis fiosrú, sé an freagra a fuaireamar, ná seo—

"Tá an ċeist faoi ḃreiṫniú, féaċaint cé an móḋ is fearr leis an ṁolaḋ a ḟeiḋmniú, agus le éifeaċt a ṫabairt don rud a bí ar intinn ag an Ċoimisiún."

Sin an freagra a fuarṫas nuair a cuireaḋ an ċeist ar an Aoine, an 12ú Márta. Nuair a cuireaḋ an ċeist arís an Aoine seo caite, 19ú Márta dúraḋ naċ raiḃ aon rud socraiṫe agus go raiḃ an ċeist "fa ḃreiṫniú" fós.

Tá sé breis agus trí bliana ó ṁeas an Coimisiún an scéal seo.

Bí AMÁRAĊ ina ṗáipéar ċoicisiúil ag an am, agus ní raiḃ aon ṗáipéar seaċtainiúil Gaeltaċta ann. Tá AMÁRAĊ ina ṗáipéar seaċtainiúil le breis agus dá bliain anois.

Nár Ċeart

Ar feaḋ an ama sin, ṁeas an tAire Oideaċais nár ċeart go mbeaḋ páipéar seaċtainiúil ar fáil don Ġaeltaċt, agus ní hé aṁáin nár ṫug sé deontas foilsiṫeoireaċta do AMÁRAĊ, aċ niúil £60 an t-eagrán le ní íocfaḋ sé an deontas ainm-AMÁRAĊ aċ do eagrán aṁáin insan ċoicís.

An Ḃfuil Ḟios

Is cosúil anois naċ bfuil ḟios eolas insan Rialtas go bfuil

(Ar lean. ar leath. 2)

Ar Híslíoḋ Meastaċan Roinn na Gaeltaċta

Agus Híslíoḋ Cad Cuige?

AN DEARNAḊ AṪRÚ AR ṀEASTAĊÁIN ROINN NA GAELTAĊTA? SIN COGARNAÍ ATÁ AG DUL MÓRṪIMPEALL SAN AM I LÁṪAIR.

Nuair a cuirtear an bóta i gcuntas os comair Dáil Éireann le airgead a ṡoláṫar fá ċoinne na Seirbísí Solaṫairṫá insan ċéad ċeiṫre mí den bliain go dtí go mbíonn glacṫa leis na Meastaċáin, is gnáċ go mbíonn an triú-cuid den méid airgid a bíonn ag teastáil i gceist insan bóta i gcuntas.

Sin mar bí i mbliana freisin. Amaċ is isteaċ, h-iarraḋ timpeall agus an triú-cuid dena meastaċáin cearta dona Ranna fé leiṫ.

Do Roinn na Gaeltaċta, bíoṫar ag iarraiḋ £350,000. Glacaḋ as seo go mbeaḋ Meastaċán Roinn na Gaeltaċta fá ċoinne £1,050,000. Sin mar ba ċóir go mbeaḋ de ġnáċ leis an coiḃneas idir an Bóta i gCuntas agus an t-iomlón. Sin mar bí leis na Ranna eile. Aċ nuair a ṫáinig leabar na meastaċán amaċ. ní raiḃ i gceist do Roinn na Gaeltaċta aċ £960,000.

Anois, táṫar ag cur ceist cad a ṫárla don £100,000 eile. An aṁlaiḋ gur gearraḋ anuas an méid sin toisc naċ raiḃ an Ġaeltaċt ag tógáil racán faoi an Ṗáipéar Bán?

An aṁlaiḋ gur measaḋ nár ḃfiú mórán an Ġaeltaċt i gcúrsaí toġċáin, agus gur gearraḋ anuas é le cur ar gnóṫaí níos práinní?

Nó an aṁlaiḋ naċ raiḃ eagras nó gléas ag Roinn na Gaeltaċta leis an airgead a bí le bótáil díoḃa a ċaiṫeaṁ?

Ó stair Roinn na Gaeltaċta ní cuirfeaḋ sé sin iontas ar ḋuine ar biṫ, i bfianaise an méid airgid a ċaiṫ siad ṫar ais insan Stát-ċiste ċeana.

Aċ cibé ar biṫ is mór an méid airgid £100,000 ós rud é go bfuil tromlaċ an airgid atá ann dá ċaiṫeaṁ ar tuarastail ⁊ gná ċostaisí seasta.

Ba ṁór an difríoċt a ḋéanfaḋ fiú £100,000 breise, agus is ceist í cad a ṫárla don £100,000 seo a ba ċeart a beiṫ i Roinn na Gaeltaċta, aċ a baineaḋ as idir an Bóta i gCuntas agus foilsiú leabar na meastaċán.

Má bíonn Teaċta Gaelaċ ar biṫ óna Dáil-ċeantair Gaeltaċta nó Seanadóir insan Oireaċtais taréis an toġċáin, b'ḟéidir go gcuireaḋ sé ceist faoi an scéal seo. Ḃeaḋ sé suimúil.